AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2017
COM(2017) 289 final

2017/0116 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2017) 182 final}
{SWD(2017) 183 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá ról bunúsach ag an eitlíocht i ngeilleagar an Aontais Eorpaigh. Agus thart ar 918 milliún paisinéir ag taisteal d'aer san Aontas Eorpach agus níos mó ná 1.45 billiún paisinéir ag imeacht ó nó ag sroicheadh aerfoirt an Aontais in 2015, tá an eitlíocht ríthábhachtach do nascacht an Aontais go hinmheánach idir na Ballstáit agus le tríú tíortha sa chuid eile den domhan. Le haeriompar nasctar daoine, gnólachtaí agus réigiúin, agus tá ról ríthábhachtach ag aeriompar i lánpháirtiú agus iomaíochas an Aontais. Ina theannta sin cuireann sé le comhtháthú réigiúnach agus sóisialta an Aontais. Cuireann an eitlíocht go mór freisin le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht. In 2014, thacaigh an earnáil le fostaíocht a chur ar fáil do suas le 9.3 milliún duine agus ba ón eitlíocht a tháinig níos mó ná EUR 510 billiún d'olltáirgeacht intíre an Aontais. Neartaigh an eitlíocht earnálacha eile den gheilleagar freisin, mar a léirítear i staidéir go gcruthaíonn gach euro de bhreisluach sa tionscal aeriompair beagnach trí euro de bhreisluach sa gheilleagar foriomlán. Ar an gcuma chéanna, cruthaíonn post nua amháin sa tionscal aeriompair níos mó ná trí phost i gcodanna eile den gheilleagar[1].

Braitheann nascacht foriomlán an Aontais ar na haersheirbhísí a chuireann aeriompróirí de chuid an Aontais ar fáil, agus oibríonn na hiompróirí sin 7 milliún eitilt ar an meán isteach go haerfoirt de chuid an Aontais agus ó na haerfoirt sin in aghaidh na bliana. Is é an figiúr comhfhreagrach a bhaineann le haeriompróirí tríú tír 1.3 milliún eitilt in aghaidh na bliana[2]. Maidir le naisc idir an tAontas agus an chuid eile den domhan, áfach, is ionann, geall leis, an sciar den mhargadh atá ag aeriompróirí de chuid an Aontais (49.9 % de na heitiltí agus thart ar 239 milliún paisinéir iompartha in 2015) agus aeriompróirí tríú tír (50.1 % de na heitiltí agus thart ar 240 milliún paisinéir iompartha in 2015)[3].

I ngeall ar léirscaoileadh agus dírialú an aeriompair idirnáisiúnta tá iomaíocht nach bhfacthas roimhe seo laistigh de mhargadh an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. Meastar go mbeidh an iomaíocht ar an leibhéal domhanda níos déine fós sna blianta amach romhainn agus tuartar go dtiocfaidh fás de thart ar 5 % in aghaidh na bliana ar an eitlíocht idirnáisiúnta idir seo agus 2030[4].

In éagmais creat idirnáisiúnta, áfach, lena leagtar amach na coinníollacha lena rialaítear iomaíocht idir aeriompróirí[5], féadfaidh difríochtaí a bheith ann ó thír go tír sna cleachtais maidir leis an gcaoi a gcaitear le haeriompróirí agus d'fhéadfadh sin difear a dhéanamh d'iomaíocht. Ní hamhlaidh atá sé laistigh den Aontas, áit a n-áirithítear le rialacha an Aontais go dtugtar na cearta céanna agus an deis chéanna d'iompróirí Eorpacha agus d'iompróirí nach iompróirí Eorpacha iad rochtain a fháil ar sheirbhísí a bhaineann le haeriompar. D'fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh, áfach, i dtríú dtíortha áirithe ina bhféadfadh cleachtais agus

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Straitéis Eitlíochta don Eoraip', COM(2015)598 final, 7.12.2015.

2 Foinse: Sceidil samhraidh OAG don bhliain 2016.

3 Idem.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Beartas Seachtrach an Aontais Eorpaigh maidir le hEitlíocht - Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Amach Anseo', COM(2012)556, 27.09.2012.

5 Go háirithe, níor tháinig aon rialacha iltaobhacha sonracha chun cinn laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), agus eisiadh formhór na seirbhísí aeriompair ó chomhaontaithe na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) (cf. Comhaontú Marrakech, Iarscríbhinn 1B an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Aeriompair). Tá feidhm ag GATS maidir le bearta a dhéanann difear do (a) sheirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaí; (b) dhíol agus margaíocht seirbhísí aeriompair; agus do (c) chórais áirithinte ar ríomhairí.

fóirdheontais idirdhealaitheacha[6] buntáistí iomaíocha éagóracha a chruthú d'aeriompróirí ó na tríú tíortha sin. D'aithin an Coimisiún "*cé go bhfuil aerlínte de chuid an Aontais freagrach as a gcuid iomaíochais féin agus go gcaithfidh siad a dtáirgí agus a samhlacha gnó a chur in oiriúint do na dálaí margaidh atá i réim (...) go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna go mbunófaí an iomaíocht, laistigh agus lasmuigh den Aontas, ar oscailteacht, ar chómhalartacht agus ar chothromaíocht agus nach ndéanann cleachtais éagóracha an iomaíocht sin a shaobhadh*"[7].

Go deimhin, d'fhéadfadh ceannasacht nó fiú monaplacht sa mhargadh eitlíochta a bheith mar thoradh ar chleachtais éagóracha, má fhágtar ann iad, rud a chiallódh níos lú rogha agus nascachta agus praghsanna níos airde do shaoránaigh an Aontais.

Dá bhrí sin, i gcásanna ina gcuirtear nascacht an Aontais agus an iomaíocht i mbaol, ní foláir don Aontas gníomhú go héifeachtach chun margadh oscailte iomaíoch a áirithiú.

Féadfar aghaidh a thabhairt ar dhálaí iomaíochta córa idir aeriompróirí i gcomhthéacs comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí. I gcás fhormhór na gcomhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tíortha áfach, ní dhéantar go dtí seo foráil maidir le rialacha comhfhreagracha.

Ceapadh go dtabharfadh Rialachán (CE) Uimh. 868/2004[8] aghaidh ar na ceisteanna seo trí bhíthin gníomhaíocht aontaobhach ón Aontas. Níor cuireadh an ionstraim seo i bhfeidhm riamh, áfach, agus de bharr cuid de na gnéithe a bhaineann léi is beag seans go gcuirfear i bhfeidhm (go praiticiúil) go brách í. Fágann sin nach bhfuil ionstraim éifeachtach ag an Aontas chun iomaíocht chóir a áirithiú idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tír. Go deimhin, lasmuigh de chúrsaí fóirdheontais, is maidir le cleachtais éagóracha praghsála, mar a thugtar orthu, agus maidir leo sin amháin, a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 868/2004. Ní féidir a chinneadh gurb ann do chleachtais den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil iompróir tríú tír ag gearradh "*táillí aeriompair atá íseal a ndóthain, le hais na dtáillí a ghearrann na haeriompróirí Comhphobail atá in iomaíocht lena chéile, chun díobháil a dhéanamh*", ach is deacair fianaise de sin a láimhseáil. Le cinneadh gurb ann do "chleachtais éagóracha praghsála" ní mór freisin buntáiste neamhthráchtála a bheith faighte ag an iompróir tríú tír, ach ní leor buntáiste den sórt sin amháin a bheith ann le gníomhaíocht ón Aontas a thionscnamh. Thairis sin, ní fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 maidir le nós imeachta inmheánach tiomanta de chuid an Aontais i ndáil le hoibleagáidí i gcomhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí, ar páirtí iontu an tAontas, agus arb é is aidhm leo iomaíocht chóir a áirithiú, i.e. i gcás inar sáraíodh na hoibleagáidí sin. Ar deireadh, tá na rialacha maidir le himscrúdú a thionscnamh mós sriantach. Go háirithe, is srianta do "thionscal an Chomhphobail" atá an fíorcheart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún, agus is mar "*na haeriompróirí de chuid an Chomhphobail a sholáthraíonn aersheirbhísí comhchosúla ina n-iomláine nó na cinn sin arb ionann a sciar comhchoiteann agus cion mór de sholáthar iomlán an Chomhphobail de na seirbhísí sin*" a shainmhínítear sin. Ní thugtar seasamh gearánaigh don Bhallstát ná d'aeriompróir aonair iontu féin.

Sa teachtaireacht uaidh faoi Straitéis Eitlíochta don Eoraip[9], chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil sé beartaithe aige éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a mheas chun go

---

6 Ní bhaineann sin ach le fóirdheontais atá roghnaitheach mar a shainmhínítear é faoi Airteagal 2(h) den Rialachán seo atá beartaithe.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Beartas Seachtrach an Aontais Eorpaigh maidir le hEitlíocht - Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Amach Anseo'.

8 Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála a dhéanann díobháil d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 162, 30.04.2004, lch. 1).

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún "Straitéis Eitlíochta don Eoraip".

ndéanfaí é a athbhreithniú nó ionstraim níos éifeachtaí a chur ina áit lena n-áiritheofaí dálaí iomaíochta córa idir na hiompróirí uile agus dá bhrí sin dhéanfaí nascacht chuig an Aontas agus uaidh a chosaint. Leagann an Straitéis Eitlíochta béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le leanúint den chaibidlíocht i dtaca le clásail iomaíochta córa i gcomhaontuithe eitlíochta déthaobhacha idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, agus le dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal iltaobhach ag an am céanna le cur le héifeachtacht na hionstraime seo.

Tá an cuspóir céanna, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a athbhreithniú nó a athsholáthar, ag an gComhairle, agus sna conclúidí uaithi an 20 Nollaig 2012[10], d'aithin sí nár "tugadh *aghaidh mar is iomchuí i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ar shaintréithe na hearnála seirbhísí eitlíochta*" agus gur thacaigh sí "*leis an rún atá ag an gCoimisiún anailís a dhéanamh (...) ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh ionstraim a bheadh níos éifeachtaí chun iomaíocht oscailte chóir a chosaint agus an rún atá aige, ar an mbonn sin, togra a chur i láthair chun Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a athbhreithniú nó a athsholáthar*".

Tá an cur chuige céanna ag Parlaimint na hEorpa, a d'iarr go ndéanfaí "*Rialacháin 868/2004 a athbhreithniú chun iomaíocht chóir a chosaint maidir le caidreamh seachtrach eitlíochta an Aontais agus cor iomaíoch i dtionscal eitlíochta an Aontais a threisiú, cómhalartacht a áirithiú agus deireadh a chur le cleachtais éagóracha (...)*"[11].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Beartas Seachtrach Eitlíochta an Aontais, ina ndeirtear "*go bhfuil sé tábhachtach agus dlisteanach go mbeidh an tAontas in ann feidhmiú go héifeachtach ar an leibhéal domhanda chun iomaíochas aerlínte de chuid an Aontais a chosaint in aghaidh iomaíocht éagórach agus/nó cleachtais éagóracha, pé áit as a dtagann siad*".

Tá an tionscnamh seo i measc na ngníomhaíochtaí a thíolactar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Eitlíochta don Eoraip agus tá sé comhsheasmhach le beartas iomaíochta córa an Aontais.

Tá an tionscnamh seo bunaithe ar thosca atá cosúil leo sin in Airteagal 12 de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle[12] maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail agus in Airteagal 20 de Threoir 96/67/CE ón gComhairle[13] maidir le rochtain ar an margadh seirbhíse ar an talamh ag aerfoirt an Chomhphobail. Déantar foráil sa dá riail sin go bhféadfar bearta a dhéanamh i gcás ina dtugann tríú tíortha cóir fhabhrach dá n-aeriompróirí le haisaeriompróirí de chuid an Aontais maidir le leithroinnt sliotán ag aerfoirt nó maidir le rochtain ar an margadh seirbhíse ar an talamh nó an margadh féinseirbhíse.

Tá an tionscnamh seo gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

10 Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas Seachtrach an Aontais Eorpaigh maidir le hEitlíocht - Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Amach Anseo, 20.12.2012.

11 An Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2015 faoi chur chun feidhme an Pháipéir Bháin maidir le hIompar 2011: An staid mar atá agus an bealach ar aghaidh i dtreo na soghluaisteachta inbhuanaithe (2015.2005(INI).

12 Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

13 Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar an margadh seirbhíse ar an talamh ag aerfoirt an Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don tionscnamh seo a áirithiú go mbeadh eitlíocht ar siúl faoi dhálaí iomaíochta córa agus dá bhrí sin cuireann sé le rannchuidiú na hearnála seo le cuspóirí tosaíochta an Choimisiúin maidir le tacú le tuilleadh post a chruthú agus fás inbhuanaithe a spreagadh.

Ina theannta sin, cuireann an tionscnamh seo le tionchar an Aontais ar an leibhéal domhanda a threisiú agus dá bhrí sin cuireann sé le cuspóirí straitéiseacha comhfhreagracha a bhaint amach, eadhon gníomhaí domhanda níos láidre a dhéanamh den Aontas agus trádáil níos saoire a fhorbairt gan caighdeáin na hEorpa a ligean uainn. Tá sé ag teacht, go háirithe, le cur chuige an Choimisiúin i ndáil le caibidlíochtaí maidir le comhaontuithe aeriompair nó seirbhísí aeir le tríú tíortha, is é sin taobhú leis an iomaíocht chóir, chomh maith le hardleibhéil chosanta i réimse na fostaíochta agus sa réimse sóisialta.

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le beartais ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear beartais trádála agus iomaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leis an bhforáil sin ceadaítear gach foráil iomchuí a ghlacadh maidir le haeriompar agus d'fhóin sí cheana féin mar bhunús do Rialachán (CE) Uimh. 868/2004[14] a ghlacadh.

- **Coimhdeacht**

Sa 26ú haithris de Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 aithníodh comhoiriúnacht le prionsabal na coimhdeachta, sa mhéid gur bhain sé le téarmaí an Rialacháin sin.

An eilimint lárnach nua sa Rialachán atá beartaithe is ea na bearta i gcásanna de "shárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme". Sainmhínítear "oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme" sa Rialachán atá beartaithe mar oibleagáidí atá i gcomhaontú ar páirtí ann an tAontas. Ní féidir le Ballstát aonair cearta i leith tríú tíortha, ar cearta iad de réir comhaontuithe ar páirtí iontu an tAontas Eorpach, a fheidhmiú ar leithligh.

Ós rud é nach bhféadfaí na cuspóirí is inmhianta a bhaint amach gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, is gá an ghníomhaíocht sin chuige sin agus tiocfaidh breisluach as an ngníomhaíocht sin thar mar a thiocfadh as gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Ní théann na roghanna beartais atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir an togra a bhaint amach, eadhon iomaíocht chóir a áirithiú idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tír, d'fhonn dálaí a choinneáil a chabhróidh le hardleibhéal nascachta a chur ar fáil san Aontas.

Tá na cleachtais uile atá faoi chaibidil in ann an bonn a bhaint ó iomaíocht chóir. Aithnítear amhlaidh iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó bíonn fóirdheontais[15] nó idirdhealú i gceist, a d'fhéadfadh, lena chois sin, forchur beart a bheith mar thoradh orthu ach i gcás díobhála nó bagairt díobhála d'aeriompróirí de chuid an Aontais.

[14] Airteagal 80(2) CE ag an tráth sin.

[15] Ní bhaineann sin ach le fóirdheontais atá roghnaitheach mar a shainmhínítear é faoi Airteagal 2(h) den Rialachán seo atá beartaithe.

Tá na bearta atá le glacadh faoin ionstraim seo comhréireach iad féin freisin. I gcás ina sáraíodh oibleagáidí idirnáisiúnta, déantar bearta a theorannú don mhéid atá le fáil faoin gcomhaontú atá i gceist agus/nó dlí idirnáisiúnta poiblí.

I gcás ina gcuirtear bearta i bhfeidhm toisc fóirdheontais nó idirdhealú a bheith ina gcúis díobhála nó bagairt díobhála d'aeriompróirí de chuid an Aontais, ní fhéadfaidh siad dul thar a bhfuil riachtanach chun an díobháil sin nó an bhagairt díobhála sin a fhritháireamh.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le caighdeáin an Choimisiúin maidir le comhairliúchán poiblí, chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí ar líne ar "*thogra maidir le cosaint bhreise ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála*" ó 29 Meán Fómhair 2013 go 21 Eanáir 2014. Bhí fiche eintiteas rannpháirteach sa chomhairliúchán poiblí, ina measc ionadaithe d'aerlínte (de chuid an Aontais agus aerlínte nach aerlínte de chuid an Aontais iad), d'aerfoirt agus cumainn tionscail (de chuid an Aontais agus nach de chuid an Aontais iad), de cheardchumainn de chuid an Aontais, de Bhallstáit agus de shaoránaigh. Ba cheart an toradh teoranta ar an gcomhairliúchán poiblí a chur san áireamh agus na sonraí á léirmhíniú. Mar sin féin, sholáthair sé pictiúr de thuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara éagsúla.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh idir an 19 Márta agus an 10 Meitheamh 2015 d'fhonn Straitéis Eitlíochta an Choimisiúin a ullmhú. Fuair an Coimisiún 233 fhreagra iomlán ar an gceistneoir agus 41 pháipéar seasaimh ó pháirtithe leasmhara, ina measc ionadaithe do Bhallstáit agus tríú tíortha, aerlínte, aerfoirt, cuideachtaí seirbhísí ar an talamh, píolótaí, soláthróirí agus lucht déanta aerárthaí, cumainn tionscail agus fostaithe, sainchomhairleoireachtaí, lucht acadúil agus saoránaigh.

Rinneadh an fhaisnéis a bailíodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí a chomhlánú le staidéir ina ndeachthas i gcomhairle le páirtithe leasmhara freisin.

Ar deireadh, bhí cruinnithe neamhfhoirmiúla ag an gCoimisiún leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha (de chuid an Aontais agus nach de chuid an Aontais iad).

Tá achoimrí ar na comhairliúcháin phoiblí a rinneadh sa mheasúnú tionchair.

- **Measúnú tionchair**

Tá an bhileog achoimre ar an measúnú tionchair le fáil ar: *(le cur isteach nuair a fhoilseofar ar shuíomh na hArd-Stiúrthóireachta í).*
Cuireadh an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair agus Bileog Achoimre Feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála. D'eisigh an Bord tuairim dhiúltach i dtosach báire an 8 Aibreán 2016, agus tuairim dhearfach ina dhiaidh sin an 29 Iúil 2016. Rinneadh an tuarascáil a choigeartú i gcomhréir leis na moltaí ón mBord. Leis an tuarascáil, is fearr a thugtar bunús go háirithe don fhadhb atá le réiteach agus is fearr a mhínítear an chaoi nár tugadh aghaidh ar an bhfadhb sin leis na rialacha atá ann faoin láthair. Mar thaca níos fearr leis an bhfadhb arna sainaithint, tugtar samplaí de líomhaintí faoi chleachtais idirdhealaitheacha. Is fearr a mhínítear sa tuarascáil freisin an chomhoiriúnacht dhlíthiúil leis

an dlí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe aeriompair le tríú tíortha. Ina theannta sin, is mó a dhírítear sa tuarascáil ar an tionchar a bheidh ar thomhaltóirí agus is fearr a dhéantar tionchar gach rogha beartais a mheas. Anuas air sin, leis an tuarascáil is fearr a chuirtear tuairimí na bpáirtithe leasmhara i láthair.
Tá an tuairim dhearfach a thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála le fáil anseo: http://www.cc.cec/iab/download?attachmentId=10024.

Scrúdaíonn an measúnú tionchair ceithre rogha beartais, lena n-áirítear an cás bunlíne. Caitheadh i dtraipisí rogha inar cuireadh le chéile athbhreithniú teoranta ar Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 agus glacadh treoirlínte léirmhínitheacha.
Le Rogha A (an cás bunlíne), déantar Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a choinneáil gan é a aisghairm.
Le Rogha B, cuirtear le chéile iarrachtaí idirnáisiúnta breise ar leibhéal WTO agus ICAO d'fhonn glacadh creata dhlíthiúil iltaobhaigh a chur chun cinn maidir le hiomaíocht chóir agus caibidlíocht lena ndírítear ar chlásail iomaíochta córa leathnaithe a bheith mar chuid de chomhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí.
Le Rogha C, déantar foráil do Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a aisghairm agus Rialachán nua cuimsitheach éifeachtach a chur ina ionad, rialachán a d'eascair as an Rialachán maidir le Bacainní Trádála agus ina gcuirfear san áireamh sainiúlachtaí na hearnála eitlíochta.
Ar deireadh, le Rogha D cuirtear le chéile rogha B agus rogha C agus mar sin cuirfear ionstraim nua in ionad Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 agus cuirfear le hiarrachtaí ar an leibhéal idirnáisiúnta lena n-áirítear iarrachtaí maidir le caibidlíocht ar chomhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí.

Is cur chuige comhtháite é rogha D, agus meastar gurb é an cur chuige is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh. Agus na trí bhunchloch a threisíonn a chéile á gcur san áireamh (clásail iomaíochtaí córa idirnáisiúnta i gcomhaontuithe, athbhreithniú Rialachán (CE) Uimh. 868/2004), cruthaítear sineirgí, cabhraítear le nascacht an Aontais a chosaint go héifeachtach agus tacaítear le hiomaíocht chóir idir na haeriompróirí uile. Ar na cúiseanna sin, coinnítear rogha D mar an rogha beartais is fearr.

Déantar anailís ar thionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil rogha D sa Mheasúnú Tionchair. Cé nach féidir tionchar eacnamaíoch rogha D a chainníochtú go beacht, meastar go mbeidh an leas eacnamaíoch is mó ag baint leis an rogha sin ós rud é go gcumasaítear léi iomaíocht chóir a bheith idir an tAontas agus iompróirí tríú tíortha. Téann an rogha sin chun tairbhe d'aerfoirt agus do phaisinéirí de chuid an Aontais de bharr méadú ar thrácht agus ar rogha. Ar an iomlán, tiocfaidh feabhas ar an nascacht i spéartha na hEorpa, agus dá bhrí sin féadfaidh an eitlíocht leanúint de chur le fás agus fostaíocht an Aontais agus rachaidh sí chun tairbhe do phaisinéirí, do ghnólachtaí agus do gheilleagar an Aontais ina iomláine. Ar na gnéithe sóisialta, meastar go rachaidh rogha D chun tairbhe d'fhostaíocht dhíreach oibrithe san Aontas, go háirithe ag aerfoirt agus i dtionscail ghaolmhara. Meastar go mbeidh an tionchar ar fhostaíocht indíreach níos tairbhiúla fós. Cé go bhféadfar a bheith ag súil le buntáistí áirithe don chomhshaol de bharr rogha D ó thaobh truailliú torainn agus astaíochtaí ceaptha teasa laghdaithe a bhuí le méadú ionchasach i líon na n-eitiltí díreacha a oibreoidh iompróirí de chuid an Aontais, déanfar na buntáistí sin a fhritháireamh ar an iomlán i ngeall ar thosca eile lena n-áirítear an fás réamh-mheasta ar aerthrácht sa todhchaí. Mar sin, meastar go mbeidh tionchar neodrach ag rogha D ar an gcomhshaol.

Cuireann an Rialachán atá beartaithe le cur chun feidhme rogha beartais D agus ag an am céanna déanann sé a gnéithe ábhartha a mhionchoigeartú. Tagann dhá mhodh fhéideartha as

an mionchoigeartú sin: an modh maidir le "sárú" agus an modh maidir le "díobháil" mar a thugtar orthu.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann na himpleachtaí buiséadacha le himscrúduithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a thionscnamh agus a dhéanamh agus le dualgais airgeadais.

Bunaithe ar thaithí ó imscrúduithe comhchosúla a rinne an Coimisiún, meastar na hacmhainní is gá a bheith idir triúr agus ceathrar oifigeach lánaimseartha in aghaidh an imscrúdaithe, le haghaidh dhá nó trí imscrúdú in aghaidh na bliana. Mar sin, meastar go mbeidh naonúr oifigeach ag teastáil chun an ionstraim seo a chur chun feidhme. Ba cheart costais na misean, lena n-áirítear imscrúduithe a dhéanfar ar an láthair, a chur san áireamh freisin. Meastar go gcumhdófar na leithreasuithe is gá do na hacmhainní daonna agus caiteachas a ghabhann leis na misin trí leithdháileadh a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Meastar go spreagfar na hioncaim trí na dualgais airgeadais a bheidh le híoc. Baineann fíordheacracht le cainníochtú ó tharla go mbraitheann aon ioncam ar imthosca gach cáis aonair.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá tuairisc ar an gcreat faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe don tionscnamh sin i gCaibidil 7 den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo.

- **An togra a chur i láthair**

Leis na hAithrisí leagtar amach cuspóir an Rialacháin lena áirithiú iomaíocht chóir idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tír, d'fhonn dálaí a choinneáil a chabhróidh le hardleibhéal nascachta a chur ar fáil san Aontas.

I gCaibidil I cuimsítear forálacha ginearálta. Sa Chaibidil seo leagtar amach raon feidhme an Rialacháin agus cuimsítear roinnt sainmhínithe atá ábhartha chun an Rialachán a thuiscint i gceart, go háirithe na cleachtais a chumhdaítear sa Rialachán seo.

I gCaibidil II tá comhrialacha maidir le himeachtaí. Is leis na rialacha sin a dhéantar tionscnamh agus déanamh an imscrúdaithe a rialú. Déantar foráil ann go bhféadfar imscrúdú a thionscnamh ar bhonn gearáin ó Bhallstát, ó aeriompróir de chuid an Aontais nó cumann aeriompróirí de chuid an Aontais, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin. Leagtar amach na coinníollacha ar dá réir a d'fhéadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh imscrúdú a thionscnamh nó gan imscrúdú a thionscnamh, agus sonraíonn sé an nós imeachta atá le leanúint agus fógra á dhéanamh go bhfuil imscrúdú á thionscnamh. Socraítear leis ceart an Choimisiúin an fhaisnéis uile a mheasann sé a bheith riachtanach chun an t-imscrúdú a dhéanamh a lorg agus cruinneas na faisnéise atá faighte nó bailithe aige a fhíorú[16]. Sainítear freisin dhá chuspóir féideartha an imscrúdaithe, a bhaineann le sárú oibleagáidí idirnáisiúnta

[16] Tá sé d'aidhm aige seo aghaidh a thabhairt ar easpa trédhearcachta a shainaithnítear agus easpa faisnéise faoi na cleachtais a líomhnaítear a mbíonn tionchar acu ar dhálaí iomaíochta ar an margadh.

is infheidhme (an modh maidir le "sárú", mar a thugtar air) nó le cleachtais arna nglacadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a dhéanann difear don iomaíocht agus ar cúis díobhála nó bagairt díobhála iad d'aeriompróirí an Aontais (an modh maidir le "díobháil" mar a thugtar air). Ina theannta sin leagtar amach sa Chaibidil seo na rialacha ar dá réir a dhéanfar imscrúdú agus na rialacha faoina bhféadfaidh páirtithe leasmhara rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann leis an imscrúdú. Lena chois sin, cuimsítear leis forálacha a ghabhann le comhar leis na Ballstáit, le rúndacht agus le nochtadh.

Tá tuairisc i gCaibidil III ar na gníomhartha trína ndéantar nósanna imeachta maidir le sárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a chur chun críche, i.e. trí bhearta sásaimh a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh. Is iad na bearta atá ar fáil i ndáil leis sin na bearta dá bhforáiltear ach go háirithe sa ghníomh ina bhfuil na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme.

Déanann Caibidil IV cásanna maidir le cleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht a rialú. Chuige sin, bunaítear leis i dtosach na dálaí faoina bhféadfar a chinneadh gurb ann do dhíobháil nó do bhagairt díobhála. Leagtar amach freisin na coinníollacha faoina gcuirtear imeachtaí ar fionraí nó chun críche, trí bhearta sásaimh a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh. Déantar foráil don fhéidearthacht bearta airgeadais nó oibríochtúil a ghlacadh chun díobháil nó bagairt díobhála a fhritháireamh agus ceanglaítear leis nach dtéann na bearta thar a bhfuil riachtanach don fhritháireamh sin agus é a chur san áireamh nach é cuspóir na mbeart sin pionós a chur ar an aeriompróir tríú tír ach iomaíocht chóir a athbhunú. Sainítear sa Chaibidil seo freisin na coinníollacha faoina bhféadfaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sásaimh.

Ar deireadh, cuimsítear le Caibidil V forálacha maidir le nós imeachta an Choimisiúin, le haisghairm Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 agus le teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo..

2017/0116 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá ról ríthábhachtach ag earnáil na heitlíochta i ngeilleagar an Aontais. Spreagadh mór í don fhás eacnamaíoch, do phoist, don trádáil agus don tsoghluaisteacht. Le breis agus scór bliain anuas, chuir an méadú ar sheirbhísí aeriompair go mór leis an nascacht laistigh den Aontas agus leis an nascacht le tríú tíortha a fheabhsú agus bhí an méadú céanna ar cheann de na nithe a d'fhág go ginearálta gurbh indéanta geilleagar Aontais a bheith ann.

(2) Tá áit lárnach ag aeriompróirí an Aontais i líonra domhanda a nascann an Eoraip go hinmheánach agus leis an gcuid eile den domhan. Ba cheart go mbeadh sé ar a gcumas dul in iomaíocht le haeriompróirí tríú tíortha i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíocht oscailte agus chóir ann idir gach aeriompróir. Chuideodh sé sin le dálaí fabhracha a chaomhnú a thacódh le hardleibhéal nascachta don Aontas.

(3) Bunphrionsabal tábhachtach í an iomaíocht chóir in oibriú seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta. Tugtar aitheantas don phrionsabal sin go háirithe sa Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta ('Coinbhinsiún Chicago') ina n-aithnítear sa réamhrá a ghabhann leis go gcaithfidh seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar an bprionsabal "*comhionannas deiseanna*". In Airteagal 44 de Choinbhinsiún Chicago luaitear freisin gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú chun a "*áirithiú go bhfuil deis chothrom ag gach Stát conarthach aerlínte idirnáisiúnta a oibriú*" agus chun "*idirdhealú a sheachaint idir stáit chonarthacha*".

[17] IO C , , lch. .
[18] IO C , , lch. .

(4) Tá prionsabal na hiomaíochta córa seanbhunaithe laistigh den Aontas, áit a dtagann cleachtais a shaobhann an margadh faoi réir an dlí atá ag an Aontas cheana lena ráthaítear deiseanna comhionanna agus dálaí iomaíochta córa do gach aeriompróir atá ag oibriú laistigh den Aontas, bídís Eorpach nó na bíodh.

(5) In ainneoin iarrachtaí leanúnacha roinnt tríú tíortha agus an Aontais, áfach, ní dhearnadh prionsabail na hiomaíochta córa a shainiú fós le rialacha iltaobhacha sonracha, go háirithe faoi chuimsiú chomhaontuithe an ICAO agus na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO), comhaontuithe nach gcumhdaíonn a raon feidhme na seirbhísí aeriompair den chuid is mó[19].

(6) Ar an ábhar sin, ba cheart na hiarrachtaí a neartú i gcomhthéacs an ICAO agus an WTO chun tacú le forbairt a dhéanamh ar rialacha idirnáisiúnta a ráthaíonn dálaí iomaíochta córa idir na haeriompróirí uile.

(7) B'fhearr go dtabharfaí aghaidh ar iomaíocht chóir idir aeriompróirí i gcomhthéacs comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tíortha. Mar sin féin, le formhór na gcomhaontuithe arna gcur i gcrích idir an tAontas nó a Bhallstáit nó iad araon, de pháirt amháin, agus tríú tíortha, den pháirt eile, ní fhoráiltear go dtí seo maidir le rialacha comhfhreagracha. Ar an ábhar sin, ba cheart na hiarrachtaí idirbheartaíochta a neartú maidir le clásail iomaíochta córa a chur isteach sna comhaontuithe aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tíortha atá ann cheana agus sna cinn a bheidh ann amach anseo.

(8) Féadfar iomaíocht chóir idir aeriompróirí a áirithiú chomh maith trí reachtaíocht iomchuí de chuid an Aontais amhail Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle[20] agus Treoir 96/97/CE ón gComhairle[21]. A mhéid a ghlactar leis go dtugann iomaíocht chóir cosaint d'aeriompróirí an Aontais ar chleachtais áirithe a ghlacann tríú tíortha nó aeriompróirí tríú tíortha, tugtar aghaidh ar an tsaincheist seo i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Ina ainneoin sin, léiríodh nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 sách éifeachtach i dtaca leis an mbunaidhm ghinearálta, mar atá iomaíocht chóir. Is éard is cúis leis sin, go háirithe, ná cuid dá rialacha a bhaineann go háirithe le sainiú na gcleachtas lena mbaineann, seachas fóirdheonú, agus leis na ceanglais maidir le himscrúduithe a thionscnamh agus a dhéanamh. Lena chois sin, ní fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 maidir le nós imeachta inmheánach tiomnaithe de chuid an Aontais i dtaca leis na hoibleagáidí atá i gcomhaontuithe aeriompair agus aersheirbhísí ar páirtí iontu an tAontas agus atá beartaithe chun iomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise líon agus tábhacht na leasuithe ba ghá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, is iomchuí gníomh nua a chur in áit Rialachán (CE) Uimh. 868/2004.

(9) Tá gá fós le reachtaíocht atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach chun dálaí fabhracha a chaomhnú a thacóidh le hardleibhéal nascachta don Aontas agus chun iomaíocht chóir le haeriompróirí tríú tíortha a áirithiú. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh agus bearta a ghlacadh i

---

19 Comhaontú Marrakech, Iarscríbhinn 1B an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Aeriompair.

20 Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

21 Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh seirbhísí láimhseála ar an talamh in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).

22 Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála ar cúis díobhála iad d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 162, 30 04.2004, lch.1).

gcás inar gá sin. Ba cheart na bearta sin a bheith ar fáil i gcás ina sárófar oibleagáidí ábhartha faoi chomhaontú ar páirtí ann an tAontas, nó i gcás inar cúis díobhála nó bagairt díobhála d'aeriompróirí an Aontais cleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht.

(10) I gcás ina bhfuil an tAontas ina pháirtí i gcomhaontú aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tír, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shárú oibleagáidí idirnáisiúnta a chumhdaítear ann i gcomhthéacs an chomhaontaithe sin, go háirithe trí chlásal iomaíochta córa, i gcás inarb ann dó, agus, i gcás inarb ábhartha, trí réiteach díospóide.

(11) Chun go bhféadfaidh faisnéis leordhóthanach a bheith ag an gCoimisiún maidir le heilimintí a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar le himscrúdú a thionscnamh, ba cheart aon Bhallstát, aeriompróir de chuid an Aontais nó comhlachas d'aeriompróirí de chuid an Aontais a bheith i dteideal gearán a dhéanamh.

(12) Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhféadfar an t-imscrúdú a leathnú go dtí an raon is leithne is féidir míreanna ábhartha. Chuige sin, agus faoi réir thoiliú an tríú tír agus eintiteas an tríú tír lena mbaineann, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh i dtríú tíortha. Ar na cúiseanna céanna agus chun na críche céanna, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit tacú leis an gCoimisiún a mhéid agus is acmhainn dóibh. Ba cheart don Choimisiún an t-imscrúdú a chur i gcrích ar bhonn na fianaise is fearr atá ar fáil.

(13) I gcás ina mbainfidh an t-imscrúdú a dhéanfaidh an Coimisiún le hoibríochtaí a chumhdaítear le comhaontú aeriompair nó aersheirbhísí le tríú tír nach bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, ba cheart a áirithiú go ngníomhóidh an Coimisiún agus láneolas aige ar aon imeachtaí atá beartaithe nó seolta ag an mBallstát lena mbaineann faoin gcomhaontú sin agus a bhaineann leis an gcás atá faoi réir imscrúdú an Choimisiúin. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit an Coimisiún a choimeád ar an eolas dá réir.

(14) Ní mór na coinníollacha a leagan síos faoinar cheart na himeachtaí a chur i gcrích, bíodh forchur beart sásaimh i gceist nó ná bíodh.

(15) Níor cheart imeachtaí a thionscnamh faoin Rialachán seo, nó ba cheart iad a chur i gcrích gan bearta sásaimh, i gcás ina mbeadh glacadh na mbeart sin i gcoinne leas an Aontais, ag féachaint don tionchar a bheadh acu ar dhaoine eile, go háirithe tomhaltóirí agus gnóthais san Aontas. Chomh maith leis sin, ba cheart imeachtaí a chur i gcrích gan bhearta i gcás nach bhfuil na bearta sin riachtanach, nó nach bhfuil siad riachtanach a thuilleadh.

(16) I gcás ina ndearnadh sárú ar oibleagáidí idirnáisiúnta, ba ghá aon bhearta sásaimh, de réir a gcineáil, a bheith bunaithe ar an ngníomh ina mbeadh na hoibleagáidí sin nó ar rialacha agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta phoiblí. Chun sláine na ngníomhartha sin a chaomhnú, níor cheart aon bhearta den sórt sin a ghlacadh ach i ndiaidh na nósanna imeachta dá bhforáiltear iontu a chur i gcrích.

(17) Cinntí i dtaca le díobháil nó bagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, ba cheart iad a bheith de réir measúnú réalaíoch ar an gcás agus ba cheart, ar an ábhar sin, iad a bheith bunaithe ar na cúinsí ábhartha uile, go háirithe cúinsí a bhaineann le cás an iompróra nó na n-iompróirí sin agus le staid ghinearálta an mhargaidh aeriompair lena mbaineann.

(18) Ar chúiseanna éifeachtúlachta riaracháin agus chun go bhféadfaí na himeachtaí a fhoirceannadh gan bhearta a fhorchur, ba cheart go bhféadfaí na himeachtaí a chur ar fionraí i gcás ina mbeadh bearta cinntitheacha déanta ag an tríú tír nó eintiteas tríú tír

lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcleachtas ábhartha a dhéanann difear d'iomaíocht nó an díobháil nó an bhagairt díobhála a bhíonn ann dá bharr.

(19) Trí bhíthin bearta sásaimh i dtaca le cleachtais a a dhéanann difear d'iomaíocht, tá sé d'aidhm fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil a bhíonn ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na gcleachtas sin. Ba cheart, mar sin, iad a bheith i bhfoirm dualgais airgeadais nó bearta eile ar féidir leo, mar luach airgeadais intomhaiste, an toradh céanna a bhaint amach. Ar na nithe is féidir a áireamh ar na bearta sin, tá cur ar fionraí lamháltas, sheirbhísí dlite nó chearta eile an aeriompróra tríú tír, ar choinníoll nach dtiocfaidh de sin sárú ar chomhaontú aeriompair nó aersheirbhísí arna chur i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. Chun prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, ba cheart bearta d'aon chineál a theorannú dá bhfuil riachtanach chun fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil nó ar an mbagairt díobhála arna sainaithint.

(20) I gcomhréir leis an bprionsabal céanna, níor cheart go leanfadh bearta sásaimh i dtaca le cleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht de bheith i bhfeidhm ach chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leo i bhfianaise an chleachtais sin agus an díobháil nó an bhagairt díobhála a bhíonn ann dá bharr. Ar an ábhar sin, ba cheart foráil a dhéanamh d'athbhreithniú i gcás ina bhfuil bonn údair lena leithéid mar gheall ar na cúinsí.

(21) Féadfaidh, de réir na gcúinsí, difríocht a bheith idir na cásanna ar a ndéantar imscrúdú faoin Rialachán seo mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna sin ar na Ballstáit. Ar an ábhar sin, féadfar bearta sásaimh a chur i bhfeidhm, de réir an cháis, ar Bhallstát amháin nó níos mó nó féadfar iad a theorannú do limistéar geografach faoi leith.

(22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23].

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cosaint éifeachtúil ar shárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme agus ar dhíobháil nó bagairt díobhála d'aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais mar thoradh ar chleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht arna nglacadh ag tríú tíortha nó eintitis tríú tíortha, cosaint atá comhionann d'aeriompróirí uile an Aontais agus bunaithe ar chritéir agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(24) Ós rud é go dtagann an Rialachán seo in ionad Rialachán (CE) Uimh. 868/2004, ba cheart dá bhrí sin an Rialachán sin a aisghairm.

[23] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le cur i gcrích imscrúduithe ag an gCoimisiún agus maidir le bearta sásaimh a ghlacadh, mar aon le rialacha a bhaineann le sárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme agus le cleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht idir aeriompróirí de chuid an Aontais agus aeriompróirí eile ar cleachtais iad ar cúis díobhála nó ar bagairt díobhála d'aeriompróirí de chuid an Aontais iad.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar d'Airteagal 12 de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 agus Airteagal 20 de Treoir 96/67/CE.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn 'aeriompróir' aeriompróir mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24];

(b) ciallaíonn 'seirbhís aeriompair' eitilt nó sraith eitiltí ina n-iompraítear paisinéirí, lasta nó post ar luach saothair nó ar fruiliú;

(c) ciallaíonn 'oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme' aon oibleagáid atá i gcomhaontú maidir le haeriompar nó aersheirbhísí idirnáisiúnta ar páirtí ann an tAontas nó aon fhoráil maidir le seirbhísí aeriompair atá ina cuid de chomhaontú trádála ar páirtí ann an tAontas, agus a bhaineann le cleachtais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar iomaíocht nó ar iompraíocht eile a bhaineann le hiomaíocht idir aeriompróirí;

(d) ciallaíonn 'páirtí leasmhar' aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhlacht oifigiúil, bíodh a phearsantacht dhlítheanach féin aige nó ná bíodh, ar dóigh dó leas suntasach a bheith aige i dtoradh na n-imeachtaí;

(e) ciallaíonn 'eintiteas tríú tír' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh sé brabúsach nó ná bíodh, nó aon chomhlacht oifigiúil, bíodh a phearsantacht dhlítheanach féin aige nó ná bíodh, atá faoi dhlínse tríú tír, bíodh sé faoi rialú ag rialtas tríú tír nó ná bíodh, agus atá páirteach go díreach nó go hindíreach i seirbhísí aeriompair nó seirbhísí gaolmhara nó i soláthar bonneagair nó seirbhísí a úsáidtear chun seirbhísí aeriompair nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar;

---

24 Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

(f) ciallaíonn ‘cleachtais a dhéanann difear d’iomaíocht’ idirdhealú agus fóirdheontais;

(g) ciallaíonn ‘idirdhealú’ idirdhealú de chineál ar bith gan bonn cirt oibiachtúil maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, a úsáidtear chun seirbhísí aeriompair a oibriú, nó maidir le cóireáil na n-earraí nó na seirbhísí sin ag údaráis phoiblí i ndáil le seirbhísí den sórt sin (lena n-áirítear cleachtais a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta nó le saoráidí agus seirbhísí aerfoirt, breosla, seirbhísí láimhseála ar an talamh, slándáil, córais áirithinte ar ríomhaire, leithdháileadh sliotán, muirir, agus an úsáid a bhaintear as saoráidí nó seirbhísí eile chun seirbhísí aeriompair a oibriú);

(h) ciallaíonn ‘fóirdheontas’ ranníocaíocht airgeadais:

(i) arna deonú ag rialtas nó eagraíocht phoiblí eile de chuid tríú tír in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

(1) cleachtas rialtais nó eagraíochta poiblí eile ar aistriú díreach cistí é nó ar aistriú díreach féideartha é ar chistí nó ar dhliteanas (amhail deontais, iasachtaí, instealladh cothromais, ráthaíochtaí iasachta, fritháireamh caillteanas oibriúcháin, cúiteamh ar ualaí airgeadais arna bhforchur ag údaráis phoiblí);

(2) tarscaoileadh nó neamhbhailiú ioncaim rialtais nó eagraíochta poiblí eile atá dlite ar aon slí eile (amhail cóireáil cánach fhabhrach nó dreasachtaí fioscacha amhail creidmheasanna cánach);

(3) rialtas nó eagraíocht phoiblí eile, lena n-áirítear gnóthais faoi rialú poiblí, earraí nó seirbhísí a sholáthar nó a cheannach;

(4) rialtas nó eagraíocht phoiblí eile íocaíochtaí a dhéanamh le sásra maoiniúcháin nó cúram nó treoir a thabhairt do chomhlacht príobháideach cineál amháin nó níos mó de na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointe (1), i bpointe (2) agus i bpointe (3) a dhéanamh, ar feidhmeanna iad a bheadh de chúram ar an rialtas de ghnáth agus nach bhfuil aon difríocht i ndáiríre idir iad agus na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth;

(ii) lena mbronntar sochar;

(iii) atá teoranta, le dlí nó le gníomh, d’eintiteas nó tionscal nó do ghrúpa eintiteas nó grúpa tionscal laistigh de dhlínse údarás an deonaithe;

(i) ciallaíonn ‘aeriompróir de chuid an Aontais’ aeriompróir a bhfuil aige ceadúnas bailí oibríochta arna dheonú dó ag Ballstát i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

## CAIBIDIL II

## FORÁLACHA COITEANNA MAIDIR LE HIMEACHTAÍ

*Airteagal 3*

**Imeachtaí a thionscnamh**

1. Tionscnófar imscrúdú tar éis gearán i scríbhinn a thíolacfaidh Ballstát, aeriompróir de chuid an Aontais nó comhlachas d'aeriompróirí de chuid an Aontais i gcomhréir le mír 2, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, má tá fianaise *prima facie* ann de cheachtar den dá ní seo:

(a) sárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) gur ann do na himthosca uile seo a leanas:

(i) cleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht, arna chur i bhfeidhm ag tríú tír nó eintiteas tríú tír;

(ii) díobháil nó bagairt díobhála d'aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais;

(iii) cúisíocht idir an cleachtas líomhnaithe agus an díobháil nó an bhagairt díobhála líomhnaithe.

2. Áireofar sa ghearán fianaise *prima facie* de cheann amháin de na cásanna dá dtagraítear i mír 1.

3. Scrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leordhóthanacht na n-eilimintí a sholáthraítear sa ghearán nó atá ar fáil don Choimisiún chun a chinneadh an bhfuil go leor fianaise ann le húdar a bheith le himscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le mír 1.

4. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gan imscrúdú a thionscnamh i gcás ina mbeadh glacadh beart i gcomhréir le hAirteagal 10 nó Airteagal 13 i gcoinne leas an Aontais nó i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach léiríonn na fíorais arna gcur chun cinn sa ghearán saincheist chórasach ná nach bhfuil tionchar suntasach acu ar aeriompróir amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

5. I gcás nach mbeidh an fhianaise arna cur isteach leordhóthanach chun críocha mhír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don ghearánach nach bhfuil go leor fianaise ann laistigh de 60 lá ón dáta a taisceadh an gearán. Tabharfar 30 lá don ghearánach tuilleadh fianaise a chur ar fáil. I gcás nach n-éireoidh leis an ngearánach é sin a dhéanamh laistigh den teorainn ama sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gan an t-imscrúdú a thionscnamh.

6. Cinnfidh an Coimisiún maidir leis an imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le mír 1 laistigh de 6 mhí ón uair a thaisctear an gearán.

7. Faoi réir mhír 4, nuair a mheasfaidh an Coimisiún go bhfuil go leor fianaise ann chun údar a bheith le himscrúdú a thionscnamh, déanfaidh sé na bearta seo a leanas:

(a) na himeachtaí a thionscnamh;

(b) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; fógrófar san fhógra tionscnamh an imscrúdaithe, léireofar ann scóip an imscrúdaithe, na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a líomhnaítear a bheith sáraithe nó an tríú tír nó eintiteas tríú tír a líomhnaítear a bheith páirteach i gcleachtais a dhéanann difear d'iomaíocht agus an díobháil nó an bhagairt díobhála a líomhnaítear, an t-aeriompróir nó na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann agus luafar ann an tréimhse ina bhféadfaidh páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl, a gcuid tuairimí a chur i láthair i scríbhinn, faisnéis a chur isteach nó iarratas a dhéanamh ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin.

(c) cuirfidh sé ionadaithe an tríú tír agus an eintitis tríú tír lena mbaineann ar an eolas go hoifigiúil faoi thionscnamh an imscrúdaithe;

(d) cuirfidh sé an gearánach agus an Coiste dá bhforáiltear faoi Airteagal 15 ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe.

8. I gcás ina n-aistarraingítear an gearán roimh thionscnamh an imscrúdaithe, meastar nár taisceadh an gearán. Tá an méid sin gan dochar do cheart an Choimisiúin imscrúdú a thionscnamh ar a thionscnamh féin i gcomhréir le mír 1.

*Airteagal 4*

**An t-imscrúdú**

1. Tar éis thionscnamh na n-imeachtaí, cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú.

2. Beidh sé mar aidhm ag an imscrúdú ceachtar den dá ní seo a leanas a chinneadh:

(a) ar sáraíodh na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) an ndearna cleachtas a dhéanann difear d’iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó eintiteas tríú tír, díobháil nó bagairt díobhála don aeriompróir de chuid an Aontais lena mbaineann.

3. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé a bheith riachtanach chun an t-imscrúdú a dhéanamh, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a iarraidh agus féadfaidh sé cruinneas na faisnéise a tugadh dó nó a bhailigh sé a fhíorú leis an aeriompróir nó na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, nó leis an tríú tír nó leis an eintiteas tríú tír lena mbaineann.

4. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt dó agus an t-imscrúdú á dhéanamh aige, agus déanfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun éifeacht a thabhairt d’iarrataí den sórt sin. Féadfaidh an tacaíocht a iarrfar ar na Ballstáit soláthar faisnéise agus anailís faisnéise a chumhdach mar aon le rannchuidiú le seiceálacha, iniúchtaí agus imscrúduithe.

5. Más léir gur gá sin, féadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh i gcríoch an tríú tír lena mbaineann, ar choinníoll go dtabharfar fógra oifigiúil do rialtas an tríú tír lena mbaineann agus d’eintiteas an tríú tír lena mbaineann agus go mbeidh a dtoiliú tugtha acu ina leith.

6. Tabharfar éisteacht do na páirtithe a chuirfidh iad féin in iúl laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhógra maidir le tionscnamh má tá iarraidh ar éisteacht déanta acu a léiríonn gur páirtí leasmhar iad.

7. Féadfaidh gearánaigh, páirtithe leasmhara, an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann agus ionadaithe an tríú tír nó an eintitis tríú tír lena mbaineann breathnú ar an bhfaisnéis ar fad a chuirfear ar fáil don Choimisiún, cé is moite de dhoiciméid inmheánacha le haghaidh úsáid an Choimisiúin agus na n-údarás riaracháin, ar choinníoll nach faisnéis rúnda an fhaisnéis sin laistigh de bhrí Airteagal 6 agus ar choinníoll go gcuirfidh siad iarraidh i scríbhinn faoi bhráid an Choimisiúin.

*Airteagal 5*

**Comhar le Ballstáit eile maidir le himeachtaí a bhaineann le cásanna atá faoi chuimsiú Chaibidil IV**

1. Nuair a bheartaíonn an Coimisiún imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 3 agus i gcás ina bhfuil na seirbhísí aeriompair lena mbaineann á rialú ag comhaontú aeriompair nó aersheirbhísí arna chur i gcrích idir Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír agus nach bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin.

2. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas i gcomhréir le mír 1, cuirfidh an Ballstát sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí go bhfuil rún aige dul i muinín nósanna imeachta i dtaca le réiteach díospóidí nó aon nós imeachta ábhartha eile dá bhforáiltear sa chomhaontú aeriompair nó aersheirbhísí leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an gcás a chumhdaítear leis an imscrúdú.

3. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Ballstát dá dtagraítear i mír 2 an Coimisiún ar an eolas faoi gach cruinniú ábhartha a shocraítear faoi chuimsiú an chomhaontaithe aeriompair nó aersheirbhísí leis an tríú tír lena mbaineann chun an tsaincheist a chumhdaítear leis an imscrúdú a phlé. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an clár oibre agus an fhaisnéis ábhartha uile don Choimisiún d'fhonn cur ar a chumas na hábhair atá le plé ag na cruinnithe sin a thuiscint.

4. Coinneoidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi sheoladh aon nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, iarraidh ar an gCoimisiún freastal ar na nósanna imeachta sin. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann.

*Airteagal 6*

**Rúndacht**

1. Déileálfaidh an Coimisiún mar fhaisnéis rúnda, má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis, le haon fhaisnéis ar de chineál rúnda í, lena n-áirítear faisnéis ar dócha, de thoradh a nochta, go dtabharfaí buntáiste mór iomaíochta d'iomaitheoir nó go ndéanfaí dochar suntasach do dhuine a sholáthair an fhaisnéis nó do dhuine a bhfuair an té a sholáthair an fhaisnéis an fhaisnéis uaidh, agus faisnéis arna soláthar ar bhonn rúnda ag páirtithe in imscrúdú, ach gan a bheith teoranta do na saghsanna sin faisnéise.

2. Ceanglófar ar pháirtithe leasmhara atá ag soláthar faisnéis rúnda, achoimrí neamhrúnda den fhaisnéis sin a sholáthar freisin. Beidh na hachoimrí sin mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh na páirtithe leasmhara a thabhairt le fios nach féidir achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis. In imthosca eisceachtúla den sórt sin, ní mór ráiteas a thabhairt faoi na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta an achoimre sin a chur ar fáil.

3. Is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a fhéadfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid. Ní chuirfidh an fhoráil seo bac ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhthéacs imscrúdaithe amháin a úsáid chun críche imscrúdú eile a thionscnamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Ní nochtfaidh an Coimisiún ná na Ballstáit, lena n-áirítear oifigigh ceachtar acu sin, aon fhaisnéis de chineál rúnda arna fáil de bhun an Rialacháin seo, ná aon fhaisnéis arna cur ar fáil ar bhonn rúnda ag páirtí in imscrúdú, gan cead sonrach a fháil ón bpáirtí a chuir an fhaisnéis sin isteach. Ní nochtfar malartuithe faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, ná aon doiciméad inmheánach arna ullmhú ag údaráis an Aontais nó na mBallstát, ach amháin má fhoráiltear maidir leis sin go sonrach sa Rialachán seo.

5. Nuair is cosúil nach bhfuil údar leis an iarraidh ar rúndacht agus mura bhfuil an soláthróir toilteanach an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.

6. Ní chuirfidh an tAirteagal seo bac ar nochtadh faisnéise ginearálta ag údaráis an Aontais ná, go háirithe, ar nochtadh na gcúiseanna ar a bhfuil cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo bunaithe, ná nochtadh fianaise ar a bhfuil údaráis an Aontais ag brath sa mhéad gur gá na cúiseanna sin a mhíniú in imeachtaí cúirte. Ní mór leas dlisteanach na bpáirtithe lena mbaineann, is é sin nach sceithfí a rúin ghnó, a chur san áireamh i nochtadh den sórt sin.

*Airteagal 7*

**An bunús le cinntí i gcás neamh-chomhoibriú**

I gcásanna ina ndiúltófar rochtain ar fhaisnéis riachtanach nó mura gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama iomchuí, nó i gcás ina gcuirfear bac suntasach ar an imscrúdú, déanfar cinntí ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach gur cuireadh isteach faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, tabharfar neamhaird ar an bhfaisnéis sin.

*Airteagal 8*

**Nochtadh**

1. Nochtfar don tríú tír, eintiteas an tríú tír agus aeriompróir an tríú tír lena mbaineann, mar aon leis an ngearánach agus na páirtithe leasmhara, na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe bearta sásaimh a ghlacadh, nó imeachtaí a fhoirceannadh gan bearta sásaimh a ghlacadh, tráth nach déanaí ná mí amháin sula dtabharfar na himeachtaí os comhair an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 15 i gcomhréir le hAirteagail 10(2), 10(3), 12(2) nó 13(1).

2. Beidh an nochtadh gan dochar d'aon chinneadh a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún an cinneadh sin a bhunú ar thuilleadh fíoras nó breithnithe nó ar mhalairt fíoras nó breithnithe, nochtfar na fíorais nó breithnithe sin a luaithe is féidir.

3. Aon uiríoll a dhéanfar tar éis an nochtadh a thabhairt, ní thabharfar aird air ach amháin má fhaightear é laistigh de thréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, tréimhse nach lú ná 10 lá, agus aird iomchuí á tabhairt ar a phráinní atá an cás. Féadfar tréimhse níos giorra a leagan síos i gcás ina gcaithfear nochtadh deiridh sa bhreis a dhéanamh.

*Airteagal 9*

**Fad na n-imeachtaí agus cur ar fionraí**

1. Cuirfear na himeachtaí i gcrích laistigh de dhá bhliain. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

2. I gcás práinne, amhail i gcásanna ina bhfuil riosca de dhíobháil láithreach dholeigheasta d’aeriompróir nó d’aeriompróirí de chuid an Aontais, féadfar na himeachtaí a ghiorrú go bliain amháin.

3. Féadfaidh an Coimisiún na himeachtaí a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil bearta cinntitheacha déanta ag an tríú tír nó ag eintiteas an tríú tír lena mbaineann chun deireadh a chur leis an méid seo a leanas, de réir an cháis:

(a) i gcás sáraithe oibleagáid idirnáisiúnta is infheidhme, an sárú sin;

(b) i gcás cleachtais a dhéanann difear d’iomaíocht, an cleachtas sin nó an díobháil nó an bhagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

4. Féadfaidh an Coimisiún na himeachtaí a thosú arís mura gcuirtear deireadh, tar éis tréimhse réasúnach ama, le sárú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme nó leis an gcleachtas a dhéanann difear d’iomaíocht nó an díobháil nó an bhagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

## CAIBIDIL III

### SÁRÚ OIBLEAGÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA IS INFHEIDHME

*Airteagal 10*

**Imeachtaí a thabhairt chun críche**

1. I gcás ina ndéanfar an gearán a aistarraingt, féadfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú a dhéanfar faoi Airteagal 4 a fhoirceannadh gan bearta sásaimh a ghlacadh.

2. Foirceannfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an t-imscrúdú a dhéanfar faoi Airteagal 4 gan bearta sásaimh a ghlacadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) go gcinnfidh an Coimisiún nár sáraíodh oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) go gcinnfidh an Coimisiún gur i gcoinne leas an Aontais a bheadh sé bearta sásaimh a ghlacadh;

(c) gur thángthas ar réiteach sásúil idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na sásraí ábhartha dá bhforáiltear sa chomhaontú nó sa socrú is infheidhme nó faoin dlí idirnáisiúnta poiblí ábhartha.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

3. Gan dochar do na forálacha ábhartha den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi réir mhír 1 agus mhír 2, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta sásaimh má chinntear san imscrúdú gur sáraíodh oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

4. I gcás ina gceanglaítear, de réir an ghnímh ina gcuimsítear na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme, go gcuirtear i gcrích nós imeachta idirnáisiúnta maidir le comhairliúchán nó réiteach díospóide sula nglactar aon bheart, cuirfear an nós imeachta sin i gcrích ar dtús agus tabharfaidh aon chinneadh a dhéanfar i gcomhréir le mír 3 aird ar thorthaí an nós imeachta sin.

5. Is iad na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 3 na bearta dá bhforáiltear sa ghníomh ina gcuimsítear na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme nó a gcuirtear ar fáil faoi rialacha agus prionsabail ábhartha an dlí idirnáisiúnta phoiblí.

## CAIBIDIL IV

## CLEACHTAIS A DHÉANANN DIFEAR D'IOMAÍOCHT

*Airteagal 11*

**Díobháil a chinneadh**

1. Chun críocha na Caibidle seo, beidh cinneadh maidir le díobháil bunaithe ar fhianaise agus déanfaidh sé na cúinsí ábhartha uile a chur san áireamh, go háirithe:

(a) staid an aeriompróra nó na n-aeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, go háirithe ó thaobh gnéithe amhail minicíocht na seirbhísí, úsáid acmhainne, éifeacht an líonra, díolacháin, sciar margaidh, brabúis, toradh ar chaipiteal, infheistíocht, agus fostaíocht;

(b) staid ghinearálta an mhargaidh nó na margaí seirbhísí aeriompair ar a n-imrítear tionchar, go háirithe maidir le leibhéal na dtáillí nó rátaí, acmhainn agus minicíocht na seirbhísí aeriompair nó úsáid an líonra.

2. I gcás cinneadh maidir le bagairt díobhála, is gá a thuar go soiléir gur dócha go dtiocfaidh díobháil iarbhír as staid ar leith. Beidh aon chinneadh den sórt sin bunaithe ar fhianaise agus déanfaidh sé na cúinsí ábhartha uile a chur san áireamh, go háirithe:

(a) éabhlóid intuartha staid an aeriompróra nó na n-aeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, go háirithe maidir le minicíocht na seirbhísí, úsáid

acmhainne, éifeacht an líonra, díolacháin, sciar margaidh, brabúis, toradh ar chaipiteal, infheistíocht, agus fostaíocht;

(b) éabhlóid intuartha staid ghinearálta an mhargaidh nó na margaí seirbhísí aeriompair a bhféadfaí tionchar a imirt orthu, go háirithe maidir le leibhéal na dtáillí nó rátaí, acmhainn agus minicíocht na seirbhísí aeriompair nó úsáid an líonra.

3. Roghnóidh an Coimisiún tréimhse imscrúdaithe agus déanfaidh sé anailís ar an bhfianaise ábhartha le linn na tréimhse sin.

4. Díobháil nó bagairt díobhála arb iad is cúis leo cúinsí eile seachas an cleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht agus a bhfuil tionchar diúltach acu freisin ar an aeriompróir nó na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann, ní ar an gcleachtas atá faoi ghrinnscrúdú a leagfar iad.

*Airteagal 12*

**Imeachtaí a fhoirceannadh gan bearta sásaimh**

1. Féadfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú a fhoirceannadh gan bearta sásaimh a ghlacadh i gcás ina ndéanfar an gearán a aistarraingt.

2. Foirceannfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an t-imscrúdú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 4 gan bearta sásaimh a ghlacadh sna cásanna seo a leanas:

(a) go gcinnfidh an Coimisiún nár deimhníodh aon cheann díobh seo a leanas:

(i) gurb ann do chleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó eintiteas tríú tír;

(ii) gurb ann do dhíobháil nó do bhagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann;

(iii) gurb é an cleachtas atá faoi mheas is cúis leis an díobháil nó leis an mbagairt díobhála;

(b) go gcinnfidh an Coimisiún gur i gcoinne leas an Aontais a bheadh sé bearta sásaimh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13;

(c) go bhfuil an tríú tír nó eintiteas an tríú tír tar éis deireadh a chur leis an gcleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht;

(d) go bhfuil an tríú tír nó eintiteas an tríú tír lena mbaineann tar éis deireadh a chur leis an díobháil nó leis an mbagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

3. I gcomhréir le mír 2, beidh ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh ag gabháil leis an gcinneadh é féin agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 13*

**Bearta sásaimh**

1. Gan dochar d'Airteagal 12(1) ach amháin sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 12(2), glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta sásaimh má chinntear san imscrúdú arna dhéanamh de réir Airteagal 4 go bhfuil cleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht, arna ghlacadh ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, tar éis díobháil nó bagairt díobhála a dhéanamh don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

2. Forchuirfear na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 ar aeriompróir nó aeriompróirí de chuid tríú tír a thairbhíonn den chleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm ceachtar den dá ní seo a leanas:

   (a) dualgais airgeadais;

   (b) aon bheart ar luach coibhéiseach nó níos lú.

3. Ní rachaidh na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 thar a bhfuil riachtanach chun fritháireamh a dhéanamh ar an díobháil nó ar an mbagairt díobhála don aeriompróir nó do na haeriompróirí de chuid an Aontais lena mbaineann. Chuige sin, féadfar na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a theorannú do limistéar geografach ar leith.

4. Ní thiocfaidh de na bearta sásaimh dá dtagraítear i mír 1 go sáróidh an tAontas nó an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann comhaontuithe aeriompair, comhaontuitheaersheirbhísí nó aon fhoráil maidir le seirbhísí aeriompair a áirítear i gcomhaontú trádála arna thabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann.

5. Beidh ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh an t-imscrúdú a chur i gcrích le glacadh beart sásaimh dá dtagraítear i mír 1 ag gabháil leis an gcinneadh é féin agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 14*

**Bearta sásaimh a athbhreithniú**

1. Ní leanfaidh na bearta sásaimh dá dtagraítear in Airteagal 13 de bheith i bhfeidhm ach chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leo i bhfianaise an chleachtais leanúnaigh a dhéanann difear d'iomaíocht agus an díobháil nó an bhagairt díobhála atá ann dá dheasca. Chuige sin, beidh feidhm ag an nós imeachta athbhreithnithe a leagtar amach i mír 2, mír 3 agus mír 4.

2. I gcás ina bhfuil údar leis de thoradh na gcúinsí, féadfaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le leanúint de bhearta sásaimh a fhorchur ina bhfoirm thosaigh, bíodh sé ar thionscnamh an Choimisiúin nó an ghearánaigh nó ar iarraidh réasúnaithe ón tríú tír nó ón eintiteas tríú tír lena mbaineann.

3. Le linn an athbhreithnithe, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil an cleachtas a dhéanann difear d'iomaíocht fós ar siúl agus an mbaineann díobháil nó bagairt

díobhála leis agus an é an cleachtas sin is cúis leis an díobháil nó leis an mbagairt díobhála.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta sásaimh a aisghairm, a leasú nó a choimeád, de réir mar is iomchuí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 15*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 16*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* — *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* — *An tUachtarán*

<u>**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**</u>

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[25]

| |
|---|
| 06 - Soghluaisteacht agus Iompar |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[26]

☐Baineann an togra/tionscnamh **le síneadh ar bheart atá ann cheana**

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Poist agus fás: Is é is aidhm don tionscnamh tionscal Eorpach eitlíochta atá iomaíoch a chothú ina gcruthófar fás inbhuanaithe agus poist ardluacha, agus lena spreagfar nuálaíocht theicneolaíoch.<br><br>Margadh inmheánach níos doimhne agus níos cothroime a bhfuil bonn tionsclaíoch níos láidre aige: le limistéar iompair Eorpach aonair atá iomaíoch déanfar creat a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chuideachtaí le haghaidh iompar sábháilte éifeachtúil ar ardchaighdeán.<br><br>Is féidir, le gníomhaíocht ón Aontas, iomaíocht chóir a áirithiú idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tíortha. Cuirfidh sé sin le dálaí ina mbeidh ardleibhéal nascachta ar fáil.<br><br>Ar deireadh thiar, leis an Rialachán atá beartaithe, treiseofar ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| <u>Cuspóir sonrach</u><br><br>AS MOVE Sainchuspóir 1: Limistéar Iompair Eorpach Aonair atá éifeachtúil, inbhuanaithe, sábháilte agus slán: Rialáil a fheabhsú, ardleibhéal cur chun feidhme a áirithiú maidir le reachtaíocht an Aontais i réimse an iompair agus iomaíocht chóir oscailte a áirithiú laistigh den Aontas agus sa chaidreamh leis na príomhthíortha comhpháirtíochta.<br><br><u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u> |

25 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

26 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

| |
|---|
| 06 02 - An Beartas Iompair Eorpach |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Táthar ag súil go gcinnteoidh an Rialachán atá beartaithe iomaíocht chóir idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tír, agus d'fhéadfadh sé sin cur le hardleibhéal nascachta idir an tAontas agus tríú tíortha.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe creat faoina dtabharfar aghaidh ar na cleachtais a dhéanann difear don iomaíocht, a chuireann tríú tíortha nó eintitis tríú tíortha i bhfeidhm agus ar cúis díobhála nó bagairt díobhála iad d'aeriompróirí an Aontais, agus faoina nglacfar bearta sásaimh iomchuí chun an díobháil a chúiteamh agus an iomaíocht chóir a chur i réim arís.

Ina theannta sin, déantar foráil sa Rialachán maidir le creat le haghaidh bearta a ghlacadh i gcás inar sárófar (de réir líomhna) na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme.

Táthar ag súil go rachaidh an Rialachán seo chun tairbhe do thionscal aerlínte an Aontais.

Táthar ag súil freisin go rachaidh an Rialachán chun tairbhe paisinéirí san Aontas Eorpach óir cuirfidh sé le caomhnú na rochtana fairsinge ar sheirbhísí aeriompair ar fud an Aontais.

Ar deireadh, táthar ag súil go rachaidh an Rialachán seo chun tairbhe do gheilleagar an Aontais Eorpaigh i gcoitinne sa mhéid go leanfaidh tionscal na heitlíochta de chur le cuspóir na bpost agus an fháis.

Ar na tionchair eacnamaíocha a bhfuil súil leo tá méadú ar líon na bpaisinéirí a iompróidh aerlínte an Aontais agus méadú ar ioncam aerlínte an Aontais. Bainfidh aerfoirt an Aontais tairbhe as freisin óir beidh níos mó paisinéirí ag triall orthu

Ar na tionchair oibríochtúla a bhfuil súil leo tá feabhas ar an nascacht in aerspás na hEorpa, de thoradh iomaíocht chóir idir aeriompróirí.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

- líon agus cineál na ngearán oifigiúil a dhéanfaidh lucht na hearnála leis an gCoimisiún;

- tuairimí na ngeallsealbhóirí Eorpacha faoi infheidhmeacht an chreata dlí Eorpaigh.

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Uirlis éifeachtach a chur ar fáil lena bhféadfar aghaidh a thabhairt ar na cleachtais a dhéanann difear don iomaíocht agus ar cúis díobhála nó bagairt díobhála iad d'aeriompróirí an Aontais. Is é is aidhm leis na bearta i gcásanna den sórt sin an díobháil sin nó an bhagairt díobhála sin a fhritháireamh.

Foráil a dhéanamh maidir le creat le haghaidh bearta a ghlacadh i gcás inar sáraíodh (de réir líomhna) na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme.

Leis na bearta sin uile cuirfear leis an ardleibhéal nascachta idir iompróirí an Aontais agus iompróirí tríú tíortha.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Sa 26ú haithris de Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 aithníodh comhoiriúnacht le prionsabal na coimhdeachta, sa mhéid gur bhain sé le téarmaí an Rialacháin sin.

An eilimint lárnach nua sa Rialachán atá beartaithe is ea na bearta i gcásanna de ‘shárú oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme’. Sainmhínítear 'oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme' sa Rialachán atá beartaithe mar oibleagáidí atá i gcomhaontú ar páirtí ann an tAontas. Ní féidir le Ballstát aonair cearta i leith tríú tíortha, ar cearta iad de réir comhaontuithe ar páirtí iontu an tAontas Eorpach, a fheidhmiú ar leithligh.

Ós rud é nach bhféadfaí na cuspóirí is inmhianta a bhaint amach gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, is gá an ghníomhaíocht sin chuige sin agus tiocfaidh breisluach as an ngníomhaíocht sin thar mar a thiocfadh as gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ba é b'aidhm le Rialachán Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cosc a chur le cleachtais éagóracha, i.e. fóirdheontais agus idirdhealú, ó thríú tíortha agus eintitis tríú tír, agus cur i gcoinne na gcleachtas sin, ionas nach bhféadfaidís dochar a dhéanamh d'aeriompróirí an Aontais.

Breis is 10 mbliana ón tráth ar glacadh an Rialachán sin áfach, níor úsáideadh riamh é óir ní dhearna aon iompróir de chuid an Aontais gearán oifigiúil riamh, d'ainneoin an iliomad líomhaintí neamhfhoirmiúla agus gearáin neamhfhoirmiúla atá ar fáil sa tionscal maidir leis na cleachtais éagóracha a deirtear go n-úsáideann tríú tíortha agus eintitis tríú tíortha.

Is é an phríomhchúis nach éifeachtach Rialachán Uimh. 868/2004 go bhfuil coincheapa an Rialacháin sin, sa mhéid go mbaineann sé le 'praghsáil éagórach', bunaithe ar uirlisí a úsáidtear i gcoinne dumpáil earraí agus dá bhrí sin níl sé in oiriúint do shainiúlachtaí earnáil an aeriompair.

Go deimhin, lasmuigh de chúrsaí fóirdheontais, is maidir le cleachtais phraghsála éagóraí, mar a thugtar orthu, agus maidir leis sin amháin, a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 868/2004. Ní féidir a chinneadh gurb ann do chleachtais den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil á ngearradh ag iompróir tríú tír táillí aeriompair atá íseal a ndóthain, le hais na dtáillí a ghearrann na haeriompróirí Comhphobail is iomaitheoirí, chun díobháil a dhéanamh, ach is deacair fianaise de sin a láimhseáil. Le cinneadh gurb ann do 'chleachtais phraghsála éagóraí' ní mór buntáiste neamhthráchtála a bheith faighte ag an iompróir tríú tíortha, ach ní leor buntáiste den sórt sin a bheith ann le gníomhaíocht ón Aontas a thionscnamh.

Thairis sin, ní fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 maidir le nós imeachta inmheánach tiomanta de chuid an Aontais maidir leis na hoibleagáidí i gcomhaontuithe aeriompair nó i gcomhaontuithe aersheirbhísí, ar páirtí iontu an tAontas, agus arb é is aidhm leo iomaíocht chóir a áirithiú, i.e. i gcás inar sáraíodh na hoibleagáidí sin.

Ar deireadh, tá na rialacha maidir le himscrúdú a thionscnamh mós sriantach. Go háirithe, is srianta do 'thionscal an Chomhphobail' atá an fíorcheart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún, agus is mar 'na haeriompróirí de chuid an Chomhphobail a sholáthraíonn aersheirbhísí comhchosúla ina n-iomláine nó na cinn sin arb ionann a sciar comhchoiteann agus cion mór de sholáthar iomlán an

Chomhphobail de na seirbhísí sin' a shainmhínítear sin. Ní thugtar seasamh gearánaigh don Bhallstát ná d'aeriompróir aonair iontu féin.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an Rialachán atá beartaithe ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Eitlíochta, agus dá réir sin cuirfidh sé go díreach leis na cuspóirí sin, le go mbeidh earnáil eitlíochta an Aontais níos iomaíche.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– Cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[27]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

[27] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Táthar ag súil go ndéanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, cúig bliana tar éis teacht i bhfeidhm don Rialachán, meastóireacht lena fhíorú ar baineadh amach cuspóirí an tionscnaimh. Is é is aidhm don mheastóireacht sin a fháil amach ar méadaíodh ar an gcothroime iomaíochta de thairbhe na mbeart nua agus ar coinníodh an leibhéal nascachta ard dá mbarr. Is ar bhonn na dtáscairí príomha ar dhul chun cinn, a leagtar amach sa roinn maidir le *"táscairí lena léireofar toradh agus tionchar"*, a dhéanfar an mheastóireacht sin. Ní mór don mheastóireacht chéanna a bheith i gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin maidir le meastóireacht.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

Sainaithníodh na rioscaí seo a leanas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe:

1) Frithbhearta i gcoinne chuideachtaí an Aontais

De thoradh bearta sásaimh a ghlacadh, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí frithbhearta i gcoinne thionscal an Aontais (mar shampla, maidir le rochtain aeriompróirí ar sheirbhísí nó ceannach aerárthaí de chuid an Aontais ag iompróirí tríú tír). Ach leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh gan beart a dhéanamh sa chás nach mbeadh sé i gcomhréir le leas an Aontais. Thairis sin, beidh an Coimisiún in ann na bearta sásaimh a cheapadh sa dóigh go n-íoslaghdófar an riosca fo-iarmhairtí, lena n-áirítear frithbhearta.

2) Líon gearán nach bhfuil súil leis agus nach féidir a láimhseáil

De thoradh an Rialachán atá beartaithe a fhorghníomhú, beidh ar an gCoimisiún déileáil le cásanna agus tiocfaidh méadú ar chostais riaracháin dá réir sin (costais lucht saothair, costas trealaimh agus ábhair, agus forchostais). Dá bhfaighfí líon mór gearán nach raibh coinne leis, d'fhéadfadh easpa foirne a bheith ann, mar aon le deacrachtaí bainistíochta agus costais bhreise. Ach leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh gan beart a dhéanamh más rud é nach n-eascraíonn aon saincheist shistéamach as an gcás, agus mura bhfuil tionchar suntasach aige ar aeriompróirí an Aontais. Thairis sin, leis an Rialachán atá beartaithe, foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt dó san imscrúdú.

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

- Dhéanfadh an Coimisiún bearta sásaimh a fhorchur trí ghníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 291 de CFAE.

- Bheadh rialú na mBallstát rialaithe ag Rialachán Uimh. 182/2011 maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

- Dhéanfaí na bearta airgeadais i gcoinne eintitis tríú tír a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 299 de CFAE.

*2.2.3.* *Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh bearta coiscteacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir[…][Ceannteideal……………………………..……………] | LD/LN[28]. | ó thíortha de chuid CSTE[29] | ó thíortha is iarrthóirí[30] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [5][06.01.01.01] | Neamhdhifreáilte | Níl | Níl | Níl | Níl |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir[…][Ceannteideal…………………………………………] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | […][XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

28 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
29 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
30 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir | […][Ceannteideal……………..………………………………………………… ……….] |

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain **N[31]** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | Gealltanais | (1) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach[32] | | | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair Ard-Stiúrthóireacht** <…….> | Gealltanais | =1+1a +3 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | | | | | | | | |

31 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

32 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL <….>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: MOVE | | | | | |
| •Acmhainní daonna | | 1.242 | 1.242 | 1.242 | **3.726** |
| •Caiteachas riaracháin eile | | 0.02 | 0.02 | 0.02 | **0.06** |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht MOVE** | Leithreasuithe | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |
| | Íocaíochtaí | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

- ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[33] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[34]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

33 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

34 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | |
| Acmhainní daonna | 1.242 | 1.242 | 1.242 | **3.726** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.02 | 0.02 | 0.02 | 0.02 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |
| **lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[35]den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | |
| **Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | |
| **IOMLÁN** | 1.262 | 1.262 | 1.262 | **3.786** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe atá sannta do bhainistíocht an bhirt cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Choimisiún, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[35] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** |
|---|---|---|---|---|
| **•Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 06 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 9 | 9 | 9 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[36] | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | |
| xx 01 04 **yy**[37] | - sa cheanncheathrú | | | |
| | - toscaireachtaí | | | |
| XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | |
| **IOMLÁN** | | **9** | **9** | **9** |

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne atá sannta do bhainistíocht an bhirt cheana agus/nó a ath-imlonnaíodh cheana laistigh den Choimisiún, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Gearáin arna seoladh chuig an gCoimisiún a ghlacadh agus a phróiseáil, imeachtaí a thionscnamh agus imscrúduithe a dhéanamh, gníomhartha dlíthiúla an Choimisiúin a ullmhú, iarratais ar fhaisnéis a phróiseáil, agus iarratais ar athbhreithniú chinntí an Choimisiúin a phróiseáil. |
| Pearsanra seachtrach | Neamhbhainteach |

36 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

37 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☑ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

(i) ☑ ar acmhainní dílse

(ii) ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[38] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

38 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.